



## Seithe an Asail

FADÓ FADÓ, bhí Rí ann, agus ina sheilbh bhí an oiread nithe iontacha. Ach nuair a thagadh daoine ar cuairt chuig an gcaisleán, agus iad ag iarraidh portráidí, áilleagáin óir agus airgid, agus troscán galánta a fheiceáil, ba é an chéad rud a thaispeánadh an Rí dóibh an stábla. Agus sa stábla galánta sin de bhallaí marmair, bhí asal beag donn ina sheasamh.

“Is fearr i bhfad liom m'asal beag ná na portráidí ná an t-ór,” arsa an Rí agus miongháire air. “Agus b'fhearr liom an t-am a chaitheamh ag labhairt le m'asal ná a bheith ag breathnú ar phortráidí ná earraí ríluachmhara i mo sheilbh.”

Anois, cé go raibh cion ag an Rí dá asal, bhí grá agus gean aige freisin dá bhean agus dá iníon álainn agus ba údar mór bróid iad don Rí. Bhí a iníon chomh cosúil lena máthair, agus í ag fás aníos, go raibh sé deacair uaireanta a rá cé acu a bhí ann.

Lá brónach áirithe, tháinig tinneas ar an mBanríon. Chaith an Rí an oíche ina shuí in aice lena leaba, agus é iarraidh dearbhú uaithe go dtiocfadh biseach uirthi. Ach bhí a fhios ag an mBanríon go raibh sí ag fáil bháis, agus ag breacadh an lae dúirt sí de chogar, “Geall dom go bpósfaidh tú arís, agus go roghnóidh tú bean chomh ciallmhar agus chomh hálainn agus atá mise. Seo an mhian dheireanach atá agam.”

Gheall an Rí, agus é trína chéile, go bpósfadh sé arís. D'éag an Bhanríon tamall ina dhiaidh sin. Ó chuaigh an Bhanríon in éag, d'athraigh an Rí as cuimse. D'éirigh sé bán san aghaidh agus tanaí, chaill sé a ghoile, agus níor aithin sé a shearbhóntaí níos mó. Ach rud is measa fós, níor aithin sé a iníon agus í ag caint leis.

Le himeacht na míonna, thosaigh an Rí ag samhlú go raibh sé ina Phrionsa óg arís agus aon uair a chas sé lena iníon cheap sé gurbh í an bhean óg í a raibh sé i ngrá léi fadó. Ghlaodh sé uirthi as ainm na máthar agus d'iarradh sé uirthi é a phósadh.

Chuaigh deargmhire a hathar go mór i bhfeidhm ar an mBanphrionsa lách, agus faoi dheireadh, d'éalaigh sí ón gcaisleán. “Rachaidh mé chuig mo shióg choimhdeachta,” ar sise, agus ghabh sí an bóthar chuig an bhfarraige. “Tá sí chomh stuama gur cinnte go mbeidh sí in ann cúnaimh a thabhairt dom.”

Bhí Sióg na mBláthanna, sióg choimhdeachta an Bhanphrionsa, ina cónaí ar an gcladach i bpluais ghleoite. Bhí an áit fhíorálainn sin maisithe le coiréal agus néamhann agus bhí boladh milis bláthanna uaithe.

“Tá a fhios agam an chúis a bhfuil tú anseo, a Bhanphrionsa,” arsa an tsióg, a luaithe agus a shroich an Banphrionsa an phluais. “Tá d’athair, an Rí, ina ghealt anois agus feiceann sé ionatsa an bhean óg chéanna a raibh sé i ngrá léi fadó.”

“Is fíor sin,” arsa an Banphrionsa, le teann bróin. “Cuireann sé olc air nuair a deirim leis gur mise a iníon, seachas an bhean óg sin. Ó, céard a dhéanfaidh mé?”

“An chéad uair eile a chuirfidh sé ceiliúr pósta ort, ní mór duit rud a iarraidh air, rud a bheidh fíordheacair dó a thabhairt duit,” arsa an tsióg.

“Tá m’athair an-saibhir,” arsa an Banphrionsa. “Tá sé d’acmhainn aige rud ar bith a thabhairt dom.”

“Iarr air gúna de dhath na spéire a thabhairt duit,” a mhol an tsióg.

“Iarrfaidh mé air é,” arsa an Banphrionsa. Bhí miongháire uirthi den chéad uair le tamallín. “Go raibh maith agat, a shióg.”

D’fhill sí ar an gcaisleán agus an lá dár gcionn chuir an Rí ceiliúr pósta uirthi.

“Ní féidir liom pósadh, a Mhórgacht,” arsa an Banphrionsa, “Sula dtabharfaidh tú gúna de dhath na spéire dom.”

Sméid an Rí a chloigeann agus ar an lá céanna, ghair sé ar a chuid fíodóirí agus táilliúirí. D’oibríodar de ló is d’oíche agus faitíos an bháis orthu.

Níor stop siad go dtí go raibh an gúna réidh, gúna a bhí chomh hálainn le spéir ghorm an tsamhraidh. Bhí an t-éadach chomh feidhmiúil sin go gceapfadh duine go raibh scamail bheaga bhána ar foluain ar na fillteacha.

Bhí an Rí sásta, agus ghair sé ar an mBanphrionsa. “Seo duit do ghúna,” ar seisean. “Nach bhfuil dath na spéire air?” Agus bhí uirthi a admháil go raibh an gúna iontach go díreach ar nós na spéire.

Bhí díomá agus faitíos uirthi, agus rith sí ón gcaisleán. Cheap sí go gcoinneodh a sióg choimhdeachta i bhfolach í.

“Ní féidir leat fanacht anseo, a leanbh,” arsa an tsióg. “D’aimseodh d’athair go héasca thú. Ní mór duit filleadh, agus iarratas a dhéanamh ar ghúna de dhath na gealaí. Ansin, táim cinnte nach mbeidh sé in ann é sin a thabhairt duit.”

Ach ní raibh an ceart ag an tsióg. Arís, ghair an Rí ar a chuid fíodóirí agus táilliúirí. Agus iad i mbaol a mbáis, rinne siad gúna de dhath na gealaí i dtrí lá.

Bhí bróidnéireacht an ghúna fíor-ealaíonta, agus nuair a chonaic an Banphrionsa an gúna bhí uirthi a admháil, “Cuireann an gúna álainn seo solas na gealaí ar oíche chiúin i gcuimhne dom.”

Arís, chuaigh an Banphrionsa chuig a sióg choimhdeachta ag lorg cabhrach. “Iarr air gúna de dhath na gréine a thabhairt duit,” arsa an tsióg.



Ach, don tríú huair, bhí an Rí in ann gúna a thabhairt di. Is ar éigean a bhí an Banphrionsa in ann breathnú ar an ngúna, a dhallacht is a bhí sé, agus é ag glioscarnach leis na mílte cloch lómhar.

“Tá sé ró-chliste i bhfad,” arsa an Banphrionsa leis an tsióg choimhdeachta, “Céard a dhéanfaimid anois?”

Tar éis tamaill, dúirt an tsióg choimhdeachta, “Ní mór duit iarratas a dhéanamh ar sheithe an asail dhoinn. Is é an t-asal an rud is ansa leis. Cé go bhfuil sé ina ghealt ní mharóidh sé an t-asal, cinnte.”

“Cén sórt iarratas olc é sin?” arsa an Banphrionsa agus í ag déanamh agóide ina aghaidh. “Bhrisfeadh sé croí m'athar dá gcaillfeadh sé a asal.”

“Gabh ar ais chuig an gcaisleán,” arsa an tsióg go húdarásach, “agus iarr air é. Níl an dara rogha agat.”

Shroich an Banphrionsa an caisleán agus bhí an Rí ag fanacht léi ansin. “Rinne mé gúna ar nós na spéire, gúna ar nós na gealaí agus gúna ar nós na gréine,” ar seisean. “Thug mé duit gach a raibh uait. Pósfaidh tú anois mé.”

An Banphrionsa bocht! Thosaigh sí ar crith nuair a chonaic sí a hathair; bhí a dhá shúil ag lonrú agus bhí fearg ina aghaidh.

“Tá rud amháin fós de dhíth orm,” ar sise de chogar. “Ní féidir liom pósadh gan seithe an asail dhoinn.”

Sméid an Rí a chloigeann agus thiontaigh sé. “Cuirfidh an t-iarratas seo deireadh leis an mearbhall atá air...” a dúirt an

Banphrionsa léi féin. Ach níor chuir. An lá céanna, maraíodh an t-asail agus chuir an Rí seithe an asail chuig an mBanphrionsa.

Agus í ag caoineadh go rachtúil, chuaigh an Banphrionsa chuig a sióg choimhdeachta le seithe an asail. “Níl aon dóchas ann,” ar sise. “Ní mór dom an caisleán a fhágáil go deo.”

“Má fhágann tú,” arsa an tsióg, “ní mór duit an tseithe a chaitheamh mar éadach. Cuirfidh d'athair a shaighdiúirí le do shála agus aimseoidh siad go héasca thú mura gcuireann tú thú féin as aithne. Agus tú ag caitheamh na seithe, beidh tú chomh gránna go ndéanfaidh na saighdiúirí neamhaird ort.”

Chuaigh creathán tríd an mBanphrionsa agus í ag smaoineamh ar a bréagriocht gránna, ach thuig sí go raibh an ceart ag an tsióg choimhdeachta. Dá gcuirfeadh sí seithe an asail uirthi féin, bheadh sí slán sábháilte.

Ansin, thug an tsióg choimhdeachta bronntanas di; fáinne tanaí smaragaid.

“Beidh do chuid éadaí galánta ar fáil i gcónaí,” arsa an tsióg, “Níl le déanamh agat ach an fáinne seo a chasadh, agus feicfidh tú cófra draíochta lán le gúnaí agus seodra. Beidh drochlaethanta agat, agus beidh tú ag iarraidh a bheith i do Bhanphrionsa arís. Tabharfaidh an draíocht seo misneach duit le seithe an asail a chaitheamh gach lá.”

Chuir an Banphrionsa an fáinne ar a méar, phóg sí an tsióg choimhdeachta, agus d’fhág sí ríocht a hathar.



Shiúil sí tamall fada, agus í ag tarraingt na gcos leis an tuirse. Scaití, thugadh duine lách bia di, nó cheadaíodh feirmeoir codladh na hoíche sa scioból di.

Nuair a chuaigh an Banphrionsa thar an teorainn idir ríocht a hathar agus ríocht eile, agus í slán ó bhaol, stop sí ag feirm agus d'fhiafraigh an raibh obair ar fáil di.

“Dhéanfainn jab ar bith a thabharfá dom,” a dúirt sí le bean an fheirmeora. “Is cuma cén sórt jab é.”

“Dhéanfá, gan amhras,” arsa an bhean go géar, “ní aimseoidh tú obair go héasca. Ní haon spéirbhean thú.”

Bhí cuma ghránna ar an mBanphrionsa, cinnte, agus an tseithe lofa uirthi, ach bhí faitíos uirthi é a bhaint di. “An bhfuil cead agam fanacht mar sin?” ar sise go humhal. Sméid bean an fheirmeora a cloigeann.

“Tá cead agat fanacht,” ar sise, “mura bhfuil drogall ort cró na muc a ghlanadh nó an teach a sciúradh.”

Threoraigh an bhean í chuig seomra beag dorcha ag deireadh pasáiste fhada. “Is féidir leat codladh anseo,” arsa an bhean.

Anois, bhí an fheirm sin neamhghnách; feirm ríoga a bhí inti agus thagadh an Prionsa ar cuairt go minic nuair a théadh sé ag fiach. Choinnigh sé ealta éan álainn ar an bhfeirm, agus b'aoibhinn leis bia a thabhairt do na héin. Cibé uair a bhíodh an Prionsa le bheith ann, ghlanadh na searbhóntaí an áit ó cheann ceann agus bhídís an-mhúinte, de réir orduithe an teaghlaigh.

Ní raibh sí i bhfad ina cónaí ar an bhfeirm nuair a chuala an Banphrionsa faoin bPrionsa agus a chuirteanna. Bhí sí fíorghnóthach, áfach, agus í ag glanadh na háite, nach bhfuair sí spléachadh air ach uair amháin. Anois is arís, áfach, nuair a théadh an teaghlach chun na heaglaise ar an Domhnach, thugadh an Banphrionsa cuairt ar an éanlann agus bhreathnaíodh sí ar éin áille de chuid an Phrionsa. “Is mór an trua go bhfuil mé as aithne,” a dúirt sí léi féin agus í ag éisteacht le ceol binn na n-éan.

Maidin Domhnaigh amháin, agus í lán de mhisneach, chas an Banphrionsa an fáinne óir a fuair sí ón tsióg; bhí sí ag iarraidh a bheith ina Banphrionsa arís agus rinne sí achainí ar a cuid éadaí féin. Bhí an draíocht an-sciobtha agus nuair a d'iompaigh sí thart bhí an cófra draíochta, lán le gúnaí galánta, ar an leaba bheag cheana féin.



Rinne sí gáire lúcháireach, agus roghnaigh sí an gúna ab áille. Chuir sí an gúna uirthi féin agus chaith sí seithe an asail ar leataobh. Mhaolaigh sé an brón a bhí uirthi a bheith gléasta go galánta. Chaith sí cúpla nóiméad os comhair an scátháin bhriste agus chíor sí a gruaig fhada órbhuí. Nuair a d'fhill na searbhóntaí eile, bhí sí ag sciúradh na gcorcán móra copair. Mar ab iondúil, thosaigh siad ag magadh fúithi agus thug siad an leasainm suarach, “Seithe an Asail”, uirthi.

Domhnach amháin, thug an Prionsa cuairt ar an bhfeirm i ngan fhios d'aon duine. Meas tú, an raibh baint ag Sióg na mBláthanna leis an gcuairt seo? Ó tharla nach raibh aon duine ansin agus nach raibh fáilte roimhe, chuaigh an Prionsa ar fán, siar an pasáiste cúng. Shroich sé an seomra beag bídeach ina gcaitheadh an Banphrionsa an Domhnach go sona sásta léi féin. Bhí an doras faoi ghlas ach chuala an Prionsa duine éigin ag canadh de ghlór binn bog, agus chuir sé a chuid éan muirneach i gcuimhne dó. Le teann fiosracha, chuaigh sé ar a ghlúine agus thug sé sracfhéachaint trí pholl na heochrach. Chonaic sé Banphrionsa aoibhinn, gléasta i ngúna airgeadghorm agus diamaint ina cuid gruaige. A háilleacht agus a bhí sí, ba ar éigean a bhí an Prionsa in ann imeacht.

Ach ní raibh an t-iompar sin oiriúnach do Phrionsa! “Ní inseoidh mé an scéal seo di,” a shocraigh sé. “Fillfidh mé amárach agus cuirfidh bean an fheirmeora an bhean uasail seo in aithne dom ar an mbealach ceart.”

An lá dár gcionn, go moch ar maidin, tháinig an Prionsa ar ais ar dhroim capaill. Chuir bean an fheirmeora fáilte roimhe agus í ag deifriú thart. “Tá spéirbhean ag fanacht libh anseo,” ar seisean léi. “An gcuirfidh tú í in aithne dom?”

“Spéirbhean!” arsa an bhean ina dhiaidh, agus iontas uirthi.

“Níl bean ar bith anseo, a Mhórgacht, mar is eol duit, cé is moite de na cailíní aimsire. Chas tú leis an mórchuid díobh, seachas Seithe an Asail b'fhéidir, agus gan amhras ní haon spéirbhean í.”

Bhí an Prionsa lánchinnte nach raibh an ceart ag bean an fheirmeora, agus chuir sé ceisteanna ar chúpla duine de na cailíní aimsire. “Abair liom,” ar seisean, “cá bhfuil an bhean fhionn a bhfuil cónaí uirthi anseo? Cén sórt oibre a dhéanann sí?”

Bhreathnaigh na cailíní aimsire air agus iad lán le hiontas; dhearbhaigh siad dó nach raibh bean fhionn ina measc. “Bheadh a fhios againn,” a dúirt bean amháin agus í ag caitheamh a cloiginn, “tá muid ar fad anseo, seachas Seithe an Asail, agus tá sise chomh gránna le muc.”

Bhí céasadh intinne ar an bPrionsa, agus d'fhill sé ar an gCaisleán. Bhí sé chomh trína chéile sin gur tháinig fiabhras air faoi dheireadh na seachtaine, agus ní raibh sé ar a chumas ithe ná codladh. Bhí a mháthair, an Bhanríon, an-bhuartha agus ghair sí ar an dochtúir ríoga.

“Pé rud is mian leis, go ndéana tú do dhícheall é a thabhairt dó,” arsa an dochtúir leis an mBanríon. “Cibé cén rud atá uaidh. Seans go

bhfaighidh sé biseach ón bhfiabhras, ach ar dtús, tá faoiseamh intinne ag teastáil uaidh.”

Oíche amháin, agus an Bhanríon ina suí in aice le leaba an Phrionsa, chuala sí é ag labhairt de mhonabhar: “Seithe an Asail,” ar seisean léi. “Ní mór di cáca a dhéanamh dom,” arsa an Prionsa de chogar. “Abair léi é.”

Bhuel, níor chuala an Bhanríon an t-ainm Seithe an Asail cheana, ach an mhaidin dár gcionn fuair sí amach áit oibre na mná, agus thug sí ordú do theachtair ríoga dul chuig an bhFeirm le hiarratas an Phrionsa.

“A thiarcais!” arsa bean an fheirmeora. “Is cosúil go bhfuil an Prionsa óg glan as a mheabhair agus é ag smaoineamh ar Sheithe an Asail. Ar na searbhóntaí seo againne, is í an duine is gránna agus is boichte í.”

“Bíodh sin mar atá, ní mór duit glacadh le horduithe na Banríona,” arsa an teachtaire. “Fillfidh mé tráthnóna leis an gcáca a bhailiú.”

“Agus beidh sé réidh duit,” arsa bean an fheirmeora, agus ghlaigh sí ar Sheithe an Asail. “Nigh do lámha agus cuir ort an naprún bán seo,” ar sise leis an mbean óg. “Inniu, ní mór duit cáca a dhéanamh atá oiriúnach do mhac Rí.”

Ansin, thug sí plúr, uibheacha, im agus siúcra do Sheithe an Asail agus d'fhág sí í ina haonar sa chistin í. Nuair a bhí an Banphrionsa ag déanamh fuidrimh, thit an fáinne a fuair sí óna sióg choimhdeachta

san fhuidreamh. Bhuel anois, deir daoine áirithe gur lig an Banphrionsa an fáinne uaithi d'aon turas, ach deir daoine eile gur timpiste a bhí ann.

Seoladh an cáca chuig an gcaisleán agus nuair a bhí an Prionsa á ithe, bhain sé plaic as an mbanda tanaí óir. An lá céanna, nuair a tháinig a mháthair ar cuairt, gheall sé go bpósfadh sé an bhean a rachadh an fáinne uirthi.

Chuir caint an Phrionsa iontas agus inní ar an mBanríon; cheap sí go raibh géarú ar fhiabhras a mic. D'impigh sí air a intinn a athrú, ach bhí sé ceandána agus níor éist sé leis an méid a bhí le rá aici.



“Aimsigh an bhean a rachaidh an fáinne beag bídeach seo uirthi,” a d'éiligh sé, arís agus arís eile.

Faoi dheireadh, d'fhág an Bhanríon a sheomra chun comhairle a fháil ón dochtúir ríoga. “Déan mar a déarfadh sé leat,” a shocraigh an seanfhear. “Ní bhfaighidh sé biseach mura ndéanfaidh tú amhlaidh.”

Ghair an Bhanríon ar na Banphrionsaí agus na mná uaisle ar fad, ionas gurbh fhéidir leo an fáinne a thriail. Bhí méara tanaí fada ag cuid díobh, ach bhí an fáinne róbheag i gcónaí. Bhí daoine de na mná chomh meáite ar bhuachan gur chuimil siad a méara le tornapa chun iad a thanú. Ach saothar in aisce a bhí ann. Bhí an fáinne róbheag do gach uile bhean acu.

Agus nuair a bhí na mná uaisle réidh, tháinig na mná fuála agus na bansníomhaithe, agus bhí lámha áille ag go leor acu. Ach, theip orthu chomh maith. Ansin, tháinig na cailíní aimsire agus a lámha garbha dearga. A leithéid de scigireacht agus de ghuailleáil a rinne siad agus iad i ag iarraidh an fáinne a chur ar a méara móra.

Nuair a bhí an Bhanríon sásta go ndearna sí a dícheall le hiarratas a mic a shásamh, dheifrih sí chuig leaba an Phrionsa. “Níl bean sa tír atá in ann an fáinne sin a chaitheamh,” ar sise leis. “Dar m'fhocal, rinne gach bean iarracht.”

“An ndearna Seithe an Asail iarracht?” a d'fhiafraigh an Prionsa.

“Ní dhearna,” a d'admhaigh an Bhanríon. “Rinne mná na feirme eile iarracht, ach ní raibh Seithe an Asail ina measc. Is dóigh gur cheap bean an fheirmeora go raibh sí ró-ghránna le dul chuig an gcaisleán.”

“Lig cead di an fáinne a thriail,” a d'éiligh an Prionsa. “Fuair mé an fáinne sa cháca a rinne sí. Lig céad do Seithe an Asail teacht chuig an gcaisleán.”

Leis sin, sheol an Bhanríon an teachtaire ríoga chuig an bhfeirm le haghaidh Seithe an Asail a bhailiú. Bhí Seithe an Asail sásta nuair a chonaic sí a fáinne arís, agus rinne sí miongháire.

“Is liomsa an fáinne seo,” ar sise leis an mbean choimhdeachta a thairg an fáinne di. “Féach, tá sé go díreach ceart do mo mhéar.”

“Caithfidh mé filleadh ar an mBanríon in éineacht leat,” arsa an bhean choimhdeachta agus is ar éigean a bhí sí in ann a súile féin a chreidiúint. “Cá bhfios céard a déarfadh an Bhanríon faoin mbean seo, mar rinne a mac gealltanais go bpósfadh sé an bhean a dtiocfaidh an fáinne sin uirthi.”

“Más é do thoil é, lig cead dom filleadh ar an bhfeirm ar dtús.” a d'impigh an Banphrionsa. “Ní mór dom slacht a chur orm féin, chomh maith agus is féidir liom.”

Ní tuisce agus a bhí an Banphrionsa ina haonar sa seomra beag bídeach, chas sí an fáinne. Ar an bpointe, bhí an bosca draíochta ar fáil arís di. Ón mbosca, roghnaigh sí an gúna ar nós na gealaí a fuair sí óna hathair, agus chuir sí uirthi féin é. Ansin, chlúdaigh sí an gúna go hiomlán leis an tseithe ghránna.

Bhí an Prionsa féin ag fanacht léi nuair a shroich sí an caisleán. Labhair sé léi go lách, agus rinne sé a dhícheall a dhíomá a choinneáil faoi cheilt.





“Pósfaidh mé thú, mar a gheall mé,” ar seisean go séimh. “Níl dabht ar bith ach gur leatsa an fáinne.”

Nuair a bhí an Prionsa ag caint, chaith an Banphrionsa seithe an asail ar leataobh. Chonaic an Prionsa bean chomh galánta gealgháireach go ndeachaigh sé síos ar leathghlúin os a comhair.

“Tusa an bhean a chonaic mé ar an bhfeirm!” ar seisean de bhéic. “Níl bean eile ar domhan uaim!”

Agus an Prionsa ag pógadh lámh an Bhanphrionsa, fuair muintir an chaisleáin cumhracht bláthanna sa seomra, agus chonaiceadar Sióg na mBláthanna.

“Tháinig mé anseo,” ar sise, “chun scéal Sheithe an Asail a insint daoibh. Ní chuirfidh rud ar bith smúit ar bhur sonas, mar is fíor-Bhanprionsa í.”

Bhí gliondar ar chách nuair a phós an Prionsa an Banphrionsa, agus i measc phríomhaíonna na bainise, bhí athair an Bhanphrionsa. Bhí leigheas ar a ghealtacht anois agus bhí sé in ann páirt a ghlacadh i gceiliúradh a iníne.

